Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Samhain 2024**
**(OR. en)**

**14375/24**

**COPS 619**
**POLMIL 347**
**EUMC 539**
**INDEF 66**
**CORLX 1109**
**CFSP/PESC 1633**
**CSDP/PSDC 809**
**PESCO 27**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 14373/24 COPS 590 POLMIL 345 EUMC 518 INDEF 60 CORLX 1021 CFSP/PESC 1517 CSDP/PSDC 771 PESCO 22 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le hAthbhreithniú Straitéiseach PESCO |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le hAthbhreithniú Straitéiseach PESCO, mar a fhormheas an Chomhairle iad, ag an gcruinniú a bhí aici an 18 Samhain 2024.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le hAthbhreithniú Straitéiseach PESCO**

**Réamhrá**

1. Is díol sásaimh don Chomhairle gur léiríodh gur creat lárnach é an Buanchomhar Struchtúrtha (PESCO), ó seoladh é in 2017, chun an comhar cosanta a dhoimhniú i measc na mBallstát rannpháirteach ar leibhéal an Aontais. Trí bhíthin na ngealltanas níos ceangailtí agus na dtionscadal comhoibríoch atá i gcreat PESCO, tá dlús curtha ag na Ballstáit rannpháirteacha lena n-iarrachtaí cosanta. Áirítear leis sin ullmhacht oibríochtúil agus idir-inoibritheacht, caiteachas agus infheistíocht i réimse na cosanta, forbairt cumais, rannchuidiú a bhfórsaí armtha leis na misin is déine, bonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch na cosanta Eorpaí (EDTIB) a neartú, chomh maith le cuidiú le cultúr straitéiseach comhchoiteann a thógáil.

2. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá Athbhreithniú Straitéiseach PESCO, arna dhéanamh i gcomhréir leis an gCinneadh ón gComhairle lena mbunaítear PESCO[1], mar chéim i dtreo PESCO níos láidre, níos straitéisí agus níos éifeachtaí ó 2025 ar aghaidh. Is díol sásaimh don Chomhairle na torthaí ar an bplé a rinne na Ballstáit rannpháirteacha le tacaíocht ó Rúnaíocht PESCO ag an gcéim mhachnaimh, agus tugann sí dá haire na moltaí sa Tuarascáil Bhliantúil ón Ardionadaí maidir le stádas chur chun feidhme PESCO.

[1] Cinneadh (CBES) 2017/2315 ón gComhairle an 11 Nollaig 2017 lena mbunaítear buanchomhar struchtúrtha (PESCO) agus lena gcinntear liosta na mBallstát rannpháirteach.

3. Tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil príomhphrionsabail agus príomhspriocanna PESCO, a luaitear san iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh ón gComhairle lena mbunaítear PESCO, fós bailí. Dá bhrí sin, is creat dlíthiúil uaillmhianach, ceangailteach agus cuimsitheach de chuid an Aontais i gcónaí é PESCO le haghaidh infheistíochtaí i slándáil agus i gcosaint chríoch Bhallstáit an Aontais agus a saoránach. Is meán polaitiúil ríthábhachtach é PESCO freisin do na Ballstáit rannpháirteacha chun a sócmhainní míleata agus a gcumais chosanta faoi seach a fheabhsú trí thionscnaimh dhea-chomhordaithe agus tionscadail nithiúla atá bunaithe ar na gealltanais is ceangailtí. Ach an tAontas a bheith níos láidre agus níos cumasaí i réimse na slándála agus na cosanta, cuirfear leis an tslándáil dhomhanda agus thrasatlantach, agus comhlánófar ECAT, arb é bunchloch na cosanta comhchoitinne ag a chomhaltaí i gcónaí é. I ndáil leis an méid sin, meabhraítear don Chomhairle na treoirphrionsabail a leagtar amach sna Conarthaí agus na treoirphrionsabail a chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach.

4. Meabhraítear don Chomhairle nach mór do PESCO rannchuidiú le cuspóirí agus tosaíochtaí Leibhéal Uaillmhéine an Aontais agus an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta a chomhlíonadh, agus riachtanais agus ceanglais na mBallstát rannpháirteach sa timpeallacht slándála nua á léiriú ag an am céanna. Chun a bheith lárnach i gcónaí in iarrachtaí cosanta an Aontais agus chun iad a neartú a thuilleadh, ní mór PESCO a thabhairt cothrom le dáta chun ionstraimí agus beartais ábhartha de chuid an Aontais atá ann cheana agus atá ar na bacáin a léiriú, go háirithe na hionstraimí agus na beartais sin a eascraíonn as an gCompás Straitéiseach um Shlándáil agus Cosaint[2].

[2] 7371/22.

5. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé an Úcráin a thabhairt níos gaire do thionscnaimh chosanta an Aontais, i gcomhréir leis na gealltanais chomhpháirteacha slándála idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin a síníodh an 27 Meitheamh 2024. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur cheart do PESCO, i gcás inarb infheidhme, rannchuidiú feasta freisin le hiarrachtaí níos leithne an Aontais atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais mhíleata na hÚcráine. Cuireann sé sin leis na hiarrachtaí foriomlána chun ullmhacht cosanta an Aontais a mhéadú, agus ag an am céanna cuireann sé ar chumas na mBallstát leanúint de thacaíocht mhíleata a chur ar fáil don Úcráin. Agus an tacaíocht mhíleata á soláthar, tabharfar lánurraim do bheartas slándála agus cosanta Ballstát áirithe agus cuirfear leasanna slándála agus cosanta na mBallstát ar fad san áireamh.

6. I bhfianaise an mhéid sin, aontaíonn an Chomhairle PESCO a choigeartú i bhfianaise a chéime nua, ag tosú in 2026, agus cuireann sí an treoir seo a leanas ar fáil i ndáil le gealltanais, tionscadail agus modhanna oibre.

**<u>Gealltanais</u>**

7. Tugann an Chomhairle dá haire, gan an leibhéal uaillmhéine atá ann cheana a laghdú, gur cheart gealltanais atá níos straitéisí agus níos polaitiúla, níos nithiúla agus níos cuíchóirithe, agus teoranta ó thaobh lín de, a bheith mar bhonn taca le PESCO. Molann an Chomhairle go ndéanfaí an tsraith athbhreithnithe gealltanas a struchtúrú ar bhonn príomhréimsí, mar shampla caiteachas agus infheistíocht i réimse na cosanta, forbairt cumais, armáil agus comhar tionsclaíoch, agus an ghné oibríochtúil.

8. Measann an Chomhairle gur den tábhacht é go leagfar amach sna gealltanais sna spriocanna soiléire intomhaiste, go gcuirfear feabhas ar chur chun feidhme agus go ndéanfar an trédhearcacht a áirithiú. Aithníonn an Chomhairle go gcuideoidh sé sin leis an maoirseacht pholaitiúil a neartú, le tacú le tuairisciú na mBallstát rannpháirteach, agus leis an measúnú ar dhul chun cinn PESCO a shimpliú. Tacóidh sé sin, dá réir sin, le hinfheictheacht mhéadaithe PESCO, chomh maith le húinéireacht pholaitiúil fheabhsaithe.

9. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil an caiteachas ar chosaint, lena n-áirítear an infheistíocht i réimse na cosanta, méadaithe go seasta ag formhór na mBallstát rannpháirteach. Ag an am céanna, iarrann an Chomhairle go ndéanfaí na hiarrachtaí sin agus an tionchar atá acu a mhéadú a thuilleadh, agus tá sí ag tnúth leis na gealltanais ábhartha a chuíchóiriú dá réir sin, lena n-áirítear trí tháscairí intomhaiste don chéad chéim eile de PESCO, chun iad a ailíniú, go háirithe, leis na ceanglais a eascraíonn as an timpeallacht slándála atá ag síorathrú. Tugann sí dá haire freisin a thábhachtaí atá sé go bhfónfadh na buiséid náisiúnta mhéadaithe d’infheistíocht chosanta níos comhoibríche, agus an úsáid is fearr á baint as PESCO, in éineacht le hionstraimí eile de chuid an Aontais, chun feabhas a chur ar an gcomhar idir na Ballstáit rannpháirteacha chun cumais a bhaint amach a shainaithnítear a bheith ábhartha go straitéiseach. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir freisin a thábhachtaí atá iarrachtaí feabhsaithe lena ndírítear ar an tagarmharc comhchoiteann a bhaineann le taighde agus teicneolaíocht cosanta a bhaint amach, lena dtacaítear le beartais agus gníomhaíochtaí ábhartha trí na huirlisí atá ar fáil ar leibhéal an Aontais.

10. Maidir leis na gealltanais a bhaineann le pleanáil cosanta, comhchuibhiú ceanglas, agus cur chun feidhme uirlisí agus thionscnaimh an Aontais, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir go bhfuil gá le cur chuige forbartha cumais an Aontais atá níos comhtháite agus níos éifeachtúla chun iarracht a dhéanamh idir-inoibritheacht iomlán a bhaint amach. I ndáil leis an méid sin, tá an Plean Forbartha Cumais agus Tosaíochtaí Forbartha Cumais an Aontais a eascraíonn as sin fós ina dtagairt lárnach do phleanáil cosanta ar fud an Aontais agus do thionscnaimh, beartais agus reachtaíocht a bhaineann le cosaint atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur cheart iad sin a neartú a thuilleadh sna gealltanais ábhartha. Trí chur chuige comhoibríoch an Aontais maidir le forbairt cumais, ba cheart do na Ballstáit rannpháirteacha an leas is fearr is féidir a bhaint as deiseanna comhoibríocha arna sainaithint tríd an Athbhreithniú Comhordaithe Bliantúil ar Chosaint (CARD) chun comhthionscadail a shainaithint agus leas a bhaint as ionstraimí cistiúcháin an Aontais mar shampla an Ciste Eorpach Cosanta agus Clár um Thionscal Cosanta na hEorpa (EDIP) arna moladh ag an gCoimisiún. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir an ról bunriachtanach agus an saineolas atá ag an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GEC) chun a áirithiú go ndéanfar tionscnaimh, beartais agus reachtaíocht an Aontais a bhaineann le cosaint atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a ailíniú go comhleanúnach, ar tionscnaimh, beartais agus reachtaíocht iad a bhaineann leis an timthriall forbartha cumais agus níos faide anonn. Leagann an Chomhairle béim freisin ar a thábhachtaí atá comhleanúnachas méadaitheach an aschuir idir próisis pleanála cosanta agus forbartha cumais an Aontais agus ECAT faoi seach, i gcomhréir leis an Moladh uaithi an 13 Samhain 2023[3].

[3] Moladh ón gComhairle an 13 Samhain 2023 lena ndéantar measúnú ar an dul chun cinn atá déanta ag na Ballstáit rannpháirteacha chun na gealltanais a tugadh faoi chuimsiú an bhuanchomhair struchtúrtha (PESCO) a chomhlíonadh (C/2023/994).

11. Tugann an Chomhairle dá haire gur gá na gealltanais oibríochtúla a thabhairt cothrom le dáta agus an Compás Straitéiseach agus na forbairtí is déanaí i réimse na slándála domhanda á gcur san áireamh. Chun rannchuidiú le cumas an Aontais gníomhú, idir-inoibritheacht a mhéadú i measc na mBallstát, agus caighdeánú a chothú (i gcomhréir le caighdeáin ECAT), d’fhéadfadh na gealltanais oibríochtúla tacú go háirithe le hoibríochtú Acmhainneacht Mhear-Imscartha an Aontais agus le freachnaimh bheo ghaolmhara an Aontais a dhéanamh, agus prionsabal na foinse aonair fórsaí á gcur san áireamh ag an am céanna. Athdhearbhaíonn an Chomhairle freisin a thábhachtaí atá an tSaoráid Eorpach Síochána mar ionstraim dhomhanda chun tacú lenár gcuspóirí CBES/CBSC. Ina theannta sin, tugann an Chomhairle dá haire gur cheart go gcuimseodh na gealltanais ábhartha uile comhar i ngach réimse oibríochtúil (talamh, aer, muirí, cibearspás agus spás), chomh maith le cumasóirí straitéiseacha agus iolraitheoirí fórsa.

12. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir freisin a thábhachtaí atá sé pearsanra, fórsaí agus cumais leordhóthanacha a chur ar fáil do mhisin agus d’oibríochtaí an Aontais, chomh maith lena thábhachtaí atá sé cumais oibríochtúla a fhorbairt, agus cuireann sí chun suntais a thábhachtaí atá na gealltanais ábhartha i gcónaí.

13. Meabhraítear don Chomhairle gur gá bonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch na cosanta Eorpaí (EDTIB) a neartú, i gcomhréir leis na Conclúidí uaithi i mí na Bealtaine 2024[4]. Ar an gcaoi sin, agus d'fhonn ról PESCO mar chreat lárnach i mbosca uirlisí cosanta an Aontais a threisiú, molann an Chomhairle go neartófaí na naisc idir PESCO agus na hionstraimí chun tacú le EDTIB. Ba cheart na gealltanais a thabhairt cothrom le dáta chun béim bhreise a leagan ar a thábhachtaí atá sé EDTIB a neartú, agus na cuspóirí foriomlána a shainaithnítear sna doiciméid ábhartha á gcur san áireamh. Sna conclúidí uaithi ó mhí na Bealtaine 2024, ba dhíol sásaimh don Chomhairle cur i láthair na Teachtaireachta Comhpháirtí ón gCoimisiún Eorpach agus ón Ardionadaí maidir le Straitéis um Thionscal Cosanta na hEorpa[5] agus d'iarr sí go leanfaí ar aghaidh leis an obair ar fad i gcomhar leis na Ballstáit. Ina theannta sin, ba cheart aird a thabhairt ar fhreagrúlacht agus athléimneacht EDTIB a fheabhsú, spleáchais straitéiseacha a laghdú, slándáil an tsoláthair a áirithiú, agus tacú le soláthar níos comhoibríche. Sa chomhthéacs sin, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir freisin a thábhachtaí atá sé rannpháirtíocht trasteorann FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe a chur chun cinn ar fud an Aontais.

**<u>Tionscadail</u>**

14. Aithníonn an Chomhairle go gcuireann PESCO an t-ardán ar fáil chun tionscadail a sheoladh a bhfuil ábharthacht straitéiseach ag baint leo don Aontas agus dá Bhallstáit, lena n-áirítear chun freagairt ar riachtanais a bhaineann le speictream iomlán na gcumas, agus le haghaidh cogaíocht ard-déine freisin. Ba cheart do na tionscadail sin rannchuidiú le leibhéal uaillmhéine an Aontais a chomhlíonadh, agus ag an am céanna bearnaí cumais na mBallstát rannpháirteach a bhaint agus freastal ar a gcuid riachtanas, lena n-áirítear maidir lena gcúraimí idirnáisiúnta agus náisiúnta, agus an tAontas agus a shaoránaigh a chosaint.

[4] 9225/24.
[5] 7339/24.

15. Leagann an Chomhairle béim ar an ngá atá le feabhas a chur ar cháilíocht na dtionscadal. Sa chomhthéacs sin, ba cheart tionscadail PESCO a fhorbairt ar bhonn na ndeiseanna comhoibríocha arna sainaithint ag CARD, agus ar an gcaoi sin aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí forbartha cumais 2023 an Aontais, lena n-áirítear na spriocanna ardtionchair cumais. Ba cheart dóibh rannchuidiú le comhleanúnachas thimpeallacht chumais an Aontais, chomh maith le comhleanúnachas an aschuir idir an tAontas agus ECAT, i gcás ina mbeidh forluí idir na ceanglais, agus tionchar dearfach a bheith acu ar EDTIB agus ar an Aontas ag an am céanna.

16. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé cloí leis na critéir mheasúnúcháin do na tograí tionscadail. Chun forbairt tionscadal straitéiseach a mbeidh tionchar acu a chur chun cinn, ba cheart cuspóirí agus amlínte soiléire intomhaiste, arna leagan síos ag comhaltaí an tionscadail chun dul chun cinn tráthúil a spreagadh, a áireamh sna tograí tionscadail faoi seach. Molann an Chomhairle freisin do na Ballstáit rannpháirteacha tionscadal nua a sheoladh ina mbeidh, más féidir, trí rannpháirtí ar a laghad. Molann an Chomhairle freisin do na Ballstáit rannpháirteacha clabhsúr a chur ar thionscadail atá ag tearcfheidhmiú nó nach meastar iad a bheith ábhartha a thuilleadh. Thairis sin, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir go bhféadfadh na Ballstáit rannpháirteacha tionscadail nua a sheoladh (go heisceachtúil) lasmuigh de thimthriall débhliantúil na dtionscadal, má mheastar gur leor a leibhéal aibíochta agus má chomhaontaíonn an Chomhairle amhlaidh.

17. Tugann an Chomhairle dá haire gur réamhriachtanas bunúsach iad buiséid leordhóthanacha, chomh maith lena n-úsáid éifeachtach, chun tionscadail a fhorbairt agus a chur i gcrích go rathúil. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé féachaint ar dhreasachtaí airgeadais do thionscadail PESCO, lena n-áirítear trí chomhar níos dlúithe le cláir an Aontais, de réir mar is ábhartha. Molann sí do na Ballstáit rannpháirteacha leanúint den úsáid is fearr a bhaint as CEF, chomh maith le féachaint ar bhealaí chun uirlisí agus ionstraimí airgeadais eile de chuid an Aontais a chur i bhfeidhm, mar shampla an EDIP atá beartaithe ag an gCoimisiún, chun tionscadail chomhoibríocha a mhéadú, comhoibriú chun easnaimh chumais a mhaolú, tacú le héileamh a chomhiomlánú, agus dlús a chur leis an soláthar comhpháirteach. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé naisc shoiléire a shainiú idir tionscadail ábhartha PESCO agus tograí CEF.

18. Molann an Chomhairle freisin go mbeadh na húsáideoirí deiridh rannpháirteach níos luaithe agus ar bhealach níos struchtúrtha (go háirithe fórsaí armtha na mBallstát rannpháirteach) ar feadh shaolré an tionscadail, agus leas á bhaint freisin as saineolas agus comhar faoi chuimsiú GEC. Ag meabhrú di an Cinneadh ón gComhairle lena mbunaítear na coinníollacha ginearálta faoina bhféadfaí cuireadh eisceachtúil a thabhairt do thríú Stáit a bheith rannpháirteach i dtionscadail aonair PESCO[6], go háirithe Airteagal 7 de, leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé tús a chur an athuair leis an bplé maidir leis an tacar coiteann rialacha rialachais[7], chun go bhféadfaí féachaint ar mhódúlachtaí a oiriúnú don rannpháirtíocht leis an tionscal cosanta, le hinstitiúidí taighde agus leis an saol acadúil, agus lánurraim á tabhairt do shainchumais na Comhairle.

[6] Cinneadh (CBES) 2020/1639 ón gComhairle an 5 Samhain 2020 lena mbunaítear na coinníollacha ginearálta faoina bhféadfaí cuireadh eisceachtúil a thabhairt do thríú Stáit a bheith rannpháirteach i dtionscadail aonair PESCO.
[7] Cinneadh (CBES) 2018/909 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2018 lena mbunaítear tacar coiteann rialacha rialachais do thionscadail PESCO.

19. Aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé leas a bhaint as torthaí tionscadal a tugadh chun críche go rathúil. I ndáil leis an méid sin, tarraingíonn an Chomhairle aird ar an ngá le dlús a chur le hinfheictheacht PESCO, mar shampla trí lipéad ainmnithe 'PESCO' agus trí chumarsáid réamhghníomhach a dhéanamh maidir le tionchar agus rannchuidiú na dtionscadal rathúil, chomh maith lena n-aistriú féideartha chuig cumais chosanta fheidhmiúla. Maidir leis an méid sin, iarrann an Chomhairle ar Rúnaíocht PESCO, i gcomhar leis na Ballstáit rannpháirteacha, an obair is gá a thabhairt chun cinn.

20. Ag meabhrú di na gealltanais chomhpháirteacha slándála idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin, tugann an Chomhairle dá haire an fhéidearthacht go bhféadfadh tionscadail PESCO rannchuidiú a thuilleadh leis na spriocanna a luaitear iontu, lena n-áirítear trí chumais a fhorbairt a bhfuil gá leo freisin le haghaidh cogaíocht ard-déine ar mhór-roinn na hEorpa. Sa chomhthéacs sin, molann an Chomhairle freisin do na Ballstáit rannpháirteacha, le tacaíocht ó Rúnaíocht PESCO, rannpháirtíocht na hÚcráine i dtionscadail PESCO a éascú, faoi chuimsiú an chreata dhlíthiúil reatha a bhaineann le rannpháirtíocht tríú Stáit, agus deiseanna a chur ar fáil chun na ceachtanna a foghlaimíodh ó chogadh foghach na Rúise a chomhroinnt. Leagann an Chomhairle béim ar freisin go dtacódh sé sin le neartú an chomhair, rud a d'fhágfadh go ndéanfaí bonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch cosanta na hÚcráine a chomhtháthú de réir a chéile in EDTIB.

21. Meabhraítear don Chomhairle go bhféadfaí cuireadh eisceachtúil a thabhairt do thríú Stáit, a chomhlíonann na coinníollacha ginearálta, a bheith rannpháirteach i dtionscadail aonair PESCO, i gcomhréir leis an nós imeachta cuiridh dá bhforáiltear sa Chinneadh ón gComhairle lena mbunaítear na coinníollacha ginearálta faoina bhféadfaí cuireadh eisceachtúil a thabhairt do thríú Stáit a bheith rannpháirteach i dtionscadail aonair PESCO. Is féidir le tríú Stáit breisluach suntasach a chur ar fáil don tionscadal agus rannchuidiú le neartú PESCO agus an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta (CBSC) agus leis na gealltanais is ceangailtí a chomhlíonadh, mar a léirítear le tionscadal na soghluaisteachta míleata. Faoi chuimsiú an Chinnidh ábhartha ón gComhairle, feictear don Chomhairle go bhfuil fiúntas ag baint le tuilleadh tairbhe a bhaint as rannpháirtíocht tríú Stáit i dtionscadail PESCO, i gcás ina gcuireann an rannpháirtíocht sin breisluach ar fáil.

**<u>Modhanna oibre agus ról Rúnaíocht PESCO</u>**

22. Measann an Chomhairle gur den tábhacht é gurb iad na Ballstáit rannpháirteacha, go háirithe ar an leibhéal polaitiúil, atá freagrach i gcónaí as forléargas a thabhairt ar PESCO, lena n-áirítear trí mheasúnú agus athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta agus trí threoir straitéiseach a chur ar fáil. Beidh malartuithe níos minice idir na Ballstáit rannpháirteacha, lena n-áirítear ar leibhéal na n-airí, na gceann cosanta agus na n-ambasadóirí, fabhrach chuige sin, go háirithe i réimsí inar gá iarrachtaí a fheabhsú a thuilleadh.

23. Athdhearbhaíonn an Chomhairle an ról lárnach atá ag na pleananna náisiúnta cur chun feidhme mar ionstraim chun trédhearcacht a chothú i measc na mBallstát rannpháirteach agus chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta acu maidir leis na gealltanais is ceangailtí a chomhlíonadh, chun tacú freisin leis an Tuarascáil Bhliantúil ón Ardionadaí. Iarrann an Chomhairle ar Rúnaíocht PESCO teimpléad nuashonraithe simplithe le haghaidh pleananna náisiúnta cur chun feidhme a thíolacadh, a bheidh le húsáid sa chéad chéim eile de PESCO, i gcomhar leis na Ballstáit rannpháirteacha, chun go mbeidh na pleananna náisiúnta cur chun feidhme dírithe níos mó ar an bpolaitíocht, níos gonta agus dírithe níos mó ar an todhchaí, agus tuairisciú á dhéanamh ag an am céanna ar chomhlíonadh na ngealltanas nuashonraithe. Ina theannta sin, tá an Chomhairle ag tnúth le timthriall bliantúil na bpleananna náisiúnta cur chun feidhme agus timthriall débhliantúil na ráiteas polaitiúil a choinneáil.

24. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar an gcumarsáid straitéiseach maidir le PESCO agus ar iarrachtaí na mBallstát rannpháirteach faoi chuimsiú an chreata sin, do phobail éagsúla, lena n-áirítear saoránaigh an Aontais. Tugann sí dá haire gur cheart an Tuarascáil Bhliantúil a d’ullmhaigh an tArdionadaí agus an Moladh bliantúil ón gComhairle a úsáid chun tacú leis an gcúram sin. Le cumarsáid éifeachtach dhéanfaí infheictheacht PESCO mar phríomhthionscnamh cosanta an Aontais a mhéadú, agus rannchuidiú a thuilleadh le hiarrachtaí cumarsáide níos leithne an Aontais i réimse na slándála agus na cosanta.

25. Leagann an Chomhairle béim freisin ar a thábhachtaí atá cúrsaí agus oiliúint thiomnaithe bhreise a bhaineann le PESCO, a sheolfaidh an Coláiste Eorpach um Shlándáil agus um Chosaint ag brath ar an hachmhainní a bheidh ar fáil.

26. Cé gur tionscnamh é PESCO atá fós faoi stiúir na mBallstát, is díol sásaimh don Chomhairle ról níos láidre agus níos éifeachtaí a bheith ag Rúnaíocht PESCO chun a haidhmeanna a bhaint amach, go háirithe sna réimsí seo a leanas:

- measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na ngealltanas;
- measúnú a dhéanamh ar thograí le haghaidh tionscadail nua PESCO;
- tacú le tionscadail a shainaithint arna iarraidh sin do na Ballstáit rannpháirteacha, i gcomhréir le tosaíochtaí forbartha cumais an Aontais agus le deiseanna comhoibríocha CARD;
- cuidiú leis na Ballstáit rannpháirteacha lena mbainistiú tionscadail agus meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn atá bainte amach, agus trí dhea-chleachtais a bhailiú agus a chomhroinnt freisin;
- cuidiú leis na Ballstáit rannpháirteacha na pleananna náisiúnta cur chun feidhme a chur i gcrích, agus trí dhea-chleachtais a bhailiú agus a chomhroinnt freisin;
- tacú le sineirgí i measc tionscadal;
- sineirgí a lorg le tionscnaimh agus uirlisí ábhartha eile;
- tacú leis an gColáiste Eorpach um Shlándáil agus um Chosaint maidir le cúrsaí agus oiliúint a bhaineann le PESCO, de réir mar is gá;
- agus cumarsáid straitéiseach a fheabhsú.

27. Gan dochar d’aon chinntí a dhéanfar sa todhchaí, leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh foireann leordhóthanach ag Rúnaíocht PESCO.

**An bealach amach romhainn**

28. Tá an Chomhairle ag súil go ndéanfar PESCO a oiriúnú, i gcomhréir leis na Conclúidí seo ón gComhairle. Go háirithe, iarrann sí ar an Ardionadaí, le tacaíocht ó Rúnaíocht PESCO, leasuithe iomchuí ar chreat dlíthiúil PESCO a mholadh, ar bhealach tráthúil, bunaithe ar an treoraíocht a thugtar sna Conclúidí seo. Go háirithe, tá sí ag tnúth leis an leasú ar an gCinneadh ón gComhairle lena mbunaítear PESCO faoi mhí na Bealtaine 2025, agus leis an leasú a d’fhéadfaí a dhéanamh ar an gCinneadh ón gComhairle lena mbunaítear tacar coiteann rialacha rialachais do thionscadail PESCO faoi dheireadh 2025, rud a réiteoidh an bealach don chéad chéim eile de PESCO a bheidh le tosú in 2026.